Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12505/24**

**ENT 141**
**MI 718**
**COMPET 818**
**IND 382**
**DELACT 136**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 3480 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 30.5.2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 trí na córais is infheidhme a leagan síos chun seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú i ndáil leis na saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus lena leasaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú bunaithe ar chur chuige samhaltaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 3480 final.

---

Faoi iamh: C(2024) 3480 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2024
C(2024) 3480 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.5.2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 trí na córais is infheidhme a leagan síos chun seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú i ndáil leis na saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus lena leasaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú bunaithe ar chur chuige samhaltaithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De bhun Airteagal 28(2) agus Airteagal 60(h) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle[1], tarmligtear don Choimisiún an cúram maidir le córais AVCP tháirgí foirgníochta a bhunú, i ndáil le táirge ar leith, le haicme táirgí ar leith nó le saintréith shár-riachtanach ar leith, agus na breithnithe a leagtar síos sna forálacha sin á gcur san áireamh.

Déantar measúnú ar shaintréithe sár-riachtanacha lena dtugtar aghaidh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil trí shonraí a bhailiú le haghaidh luachanna ionchuir, toimhdí agus samhaltú le tacaíocht ó bhogearraí nó gan tacaíocht ó bhogearraí. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gurb iomchuí córas AVCP nua a shainiú mar an córas AVCP is infheidhme le haghaidh saintréithe sár-riachtanacha lena dtugtar aghaidh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

De bhun Airteagal 60(e) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tarmligeadh don Choimisiún an cúram Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 a oiriúnú.

Trí bhíthin an chumhacht sin a úsáid, molann an Coimisiún oiriúnú a dhéanamh ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 568/2014 ón gCoimisiún[2], tríd an gcóras nua AVCP 3+ a chur leis chun sainiú a dhéanamh ar na cúraimí atá le déanamh i ndáil le saintréithe sár-riachtanacha arna measúnú agus sonraí á mbailiú le haghaidh luachanna ionchuir, toimhdí agus samhaltú le tacaíocht ó bhogearraí nó gan tacaíocht ó bhogearraí. Le córas nua AVCP 3+ bunaítear na cúraimí a shanntar don mhonaróir agus don chomhlacht dá dtugtar fógra maidir leis na saintréithe sár-riachtanacha ábhartha.

Is gá an Rialachán a ghlacadh chun ardleibhéal cinnteachta a áirithiú maidir le saintréithe sár-riachtanacha nach bhfuil measúnú agus fíorú de réir na gcóras atá ann cheana oiriúnach dóibh.

D'éascódh glacadh an Rialacháin gníomhaíochtaí monaróirí agus feidhmiú na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra atá údaraithe chun cúraimí tríú páirtí a dhéanamh i bpróiseas AVCP táirgí foirgníochta.

Sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[3], i bPlean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh[4] agus sa Teachtaireacht maidir leis an Rabharta Athchóiriúcháin[5], leagadh béim ar ról an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta mar chuid de na hiarrachtaí chun foirgnimh agus gníomhaíochtaí athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní a bhaint amach, agus chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht táirgí

1 IO L 40, 11.2.1989, lch. 12.
2 IO L 157, 27.5.2014, lch. 76.
3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip COM(2019)640 final.
4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach, COM(2020) 98 final.
5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *A Renovation Wave for Europe - greening our buildings, creating jobs, improving lives* [Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip - glasú na bhfoirgneamh seo againne, cruthú post agus feabhsú na cáilíochta saoil], COM(2020) 662 final.

foirgníochta. Leis an togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[6] leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hastaíochtaí saolré GCT ó fhoirgnimh agus ábhair tógála chun acmhainneacht an Téimh Dhomhanda i bhfoirgnimh nua a ríomh ó 2030 ar aghaidh. Chomh maith leis sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle[7] araon go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun ciorclaíocht táirgí foirgníochta a chur chun cinn, chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní sa mhargadh aonair do tháirgí foirgníochta agus chun cur le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.

Ar na cúiseanna sin, leis an leasú seo ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus leis an sainiú ar an gcóras AVCP is infheidhme maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, ba cheart feabhas a chur ar chomhdhlúthú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí foirgníochta agus, dá bhrí sin, tionchar fabhrach a bheith aige ar iomaíochas earnáil foirgníochta na hEorpa ina hiomláine.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Pléadh an Rialachán ag cruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh um Tháirgí Foirgníochta[8] (an Grúpa Comhairleach) an 21 Samhain 2022, an 15 Feabhra 2023, an 8 Meitheamh 2023 agus an 21 Samhain 2023 agus cuireadh isteach é le haghaidh comhairliúchán i scríbhinn leis na saineolaithe idir an 15 Feabhra 2023 agus an 31 Márta 2023 agus idir an 8 Meitheamh 2023 agus an 15 Iúil 2023. Roimh na céimeanna sin, tugadh deis do na Ballstáit uile saineolaithe a ainmniú chun páirt a ghlacadh. Chomh maith leis na saineolaithe sin, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha eile freisin. Na doiciméid a pléadh in AG, doiciméid atá ábhartha i dtaca leis an gcomhairliúchán i scríbhinn, rinneadh iad a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le gníomhartha tarmligthe. Cuireadh na barúlacha a cuireadh i láthair sna comhthéacsanna sin san áireamh agus an leagan deiridh den ghníomh seo á ullmhú don chomhairliúchán idirsheirbhíse.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De bhun Airteagal 28(2) agus Airteagal 60(h) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tá córais AVCP le haghaidh táirgí foirgníochta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, le bunú le gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún, ar córais iad atá le bheith infheidhme maidir le táirge ar leith, le haicme táirgí ar leith nó le saintréith shár-riachtanach ar leith, agus na breithnithe a leagtar síos sna forálacha sin á gcur san áireamh.

Agus na córais AVCP á mbunú aige, de bhun Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, roghnóidh an Coimisiún na córais lena mbaineann an t-ualach is lú a bheidh comhsheasmhach le comhlíonadh na mbuncheanglas uile maidir le hoibreacha foirgníochta. De bhun Airteagal 60(h) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, déanfar é sin i gcomhréir le tionchar an táirge ar an gcomhlíonadh sin le linn a shaolré oibre ionchasaí.

6 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú), COM(2021) 802 final

7 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGeilleagar Ciorclach in Earnáil na Foirgníochta https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13814-2019-INIT/en/pdf

8 Cód E01329 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis chomhchosúla eile.

De bhun Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, is in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 atá na rialacha maidir le AVCP táirgí foirgníochta i ndáil lena saintréithe sár-riachtanacha. De réir na rialacha sin, déanfar cúraimí AVCP i gcomhréir leis na córais a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

Mar a luaitear in Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le comhlachtaí atá údaraithe chun cúraimí tríú páirtí a dhéanamh sa phróiseas AVCP faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (dá ngairtear 'comhlachtaí dá dtugtar fógra' anseo feasta). Forordaítear le hAirteagal 40 go hAirteagal 43 na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le fógraí den sórt sin.

Dá bhrí sin, tá an Rialachán Tarmligthe i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Is é an toradh atá air sin comhchuibhiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 305/2011 maidir le córas cothromaithe AVCP a bhunú le haghaidh na saintréithe sár-riachtanacha a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, agus dá bhrí sin, is féidir a mheas go rachaidh sé chun tairbhe d'earnáil foirgníochta na hEorpa ina hiomláine.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.5.2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 trí na córais is infheidhme a leagan síos chun seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú i ndáil leis na saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus lena leasaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú bunaithe ar chur chuige samhaltaithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 28(2) i gcomhar le hAirteagal 60, pointe (e), agus Airteagal 28(2) i gcomhar le hAirteagal 60, pointe (h), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le forbairtí teicneolaíocha is féidir cur chuige samhaltaithe a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar sheasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta. Leis an dul chun cinn teicneolaíoch sin is féidir córas measúnaithe agus fíoraithe a bhunú nuair a chuirtear i bhfeidhm bailiú sonraí le haghaidh luachanna ionchuir, toimhdí agus samhaltú le tacaíocht ó bhogearraí nó gan tacaíocht ó bhogearraí.

(2) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021 maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 305/2011[2], cuireadh fáilte roimh chuspóir an Choimisiúin an earnáil foirgníochta a dhéanamh níos inbhuanaithe trí aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta táirgí foirgníochta, mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[3]. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGeilleagar Ciorclach san Earnáil Foirgníochta an 28 Samhain 2019[4], áitíodh ar an gCoimisiún ciorclaíocht táirgí foirgníochta a éascú. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún in 2020 dar teideal 'Straitéis nua Tionsclaíochta don Eoraip'[5] cuireadh béim ar an ngá

---

1 IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

2 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021 maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú (an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta) (2020/2028(INI))

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche COM/2020/98 (final).

4 An Geilleagar Ciorclach in Earnáil na Foirgníochta – Conclúidí ón gComhairle, a glacadh an 8 Samhain 2019, 13814/19

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Straitéis Tionsclaíochta Nua don Eoraip COM(2020)102 final an 10 Márta 2020.

atá ann aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht táirgí foirgníochta agus leagadh béim ar thimpeallacht thógtha níos inbhuanaithe a bheith riachtanach d'aistriú na hEorpa i dtreo neodracht aeráide. An Teachtaireacht ón gCoimisiún in 2021 dar teideal 'Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa'[6] aithníodh an fhoirgníocht mar cheann de na héiceachórais tosaíochta a bhfuil na dúshláin is tábhachtaí rompu a chomhlíonann spriocanna aeráide agus inbhuanaitheachta agus glacadh leis an gclaochlú digiteach, agus a bhfuil iomaíochas na hearnála foirgníochta ag brath air. I ngeall ar fhorbairtí teicneolaíocha ó thaobh measúnú saolré de, tá saintréithe sár-riachtanacha áirithe a bhaineann le buncheanglas 3 i leith oibreacha foirgníochta (sláinteachas, sláinte agus an comhshaol) agus le buncheanglas 7 i leith oibreacha foirgníochta (úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha) ar fáil le cur chun feidhme sa chreat rialála le haghaidh táirgí foirgníochta. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos chun feidhmíocht inbhuanaitheachta comhshaoil táirgí foirgníochta a dhearbhú.

(3) Chun freagairt don dul chun cinn teicneolaíoch, ba cheart Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 a oiriúnú trí mheasúnú agus fíorú nua ar sheasmhacht feidhmíochta AVCP 3+ a chur leis lena sainítear na cúraimí atá le déanamh sa phróiseas lena measúnaítear agus lena bhfíoraítear seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta nuair a chuirtear i bhfeidhm bailiú sonraí le haghaidh luachanna ionchuir, toimhdí agus samhaltú le tacaíocht ó bhogearraí nó gan tacaíocht ó bhogearraí. Tá gá le leasú den sórt sin chun a áirithiú go mbeidh monaróirí in ann measúnú a dhéanamh ar na saintréithe sár-riachtanacha a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a dtáirgí.

(4) Chun é a chur ar a gcumas do mhonaróirí rochtain a fháil ar an margadh inmheánach ar bhealach níos éifeachtúla agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le hiomaíochas níos fearr sa tionscal foirgníochta ina iomláine, ba cheart córas nua AVCP 3+ a bheith infheidhme maidir le saintréithe sár-riachtanacha lena dtugtar aghaidh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Má chuirtear córas nua AVCP i bhfeidhm, níor cheart ualach riaracháin breise a bheith ar mhonaróirí a bhfuil an toimhde acu cheana go mbaineann a dtáirgí leibhéal nó aicme áirithe feidhmíochta amach gan tástáil ná ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an gcóras nua AVCP 3+ maidir leis na táirgí sin nach dteastaíonn tástáil ná ríomh ina leith faoi láthair.

(5) Tá dlúthnasc idir forálacha an Rialacháin seo, ós rud é go mbaineann siad le soiléiriú an chórais AVCP is infheidhme maidir le saintréithe sár-riachtanacha lena dtugtar aghaidh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, mar aon leis an ngá atá ann athruithe teicneolaíochta a chur san áireamh lena bhforáiltear do mheasúnú samhaltaithe ar na saintréithe sin agus córas nua a thabhairt isteach chun seasmhacht feidhmíochta a mheasúnú agus a fhíorú (AVCP 3+). Chun comhleanúnachas idir na forálacha sin a áirithiú, is gá a áireamh in aon Rialachán amháin an soiléiriú ar an gcóras is infheidhme chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe sár-riachtanacha i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí foirgníochta agus an leasú iarmhartach ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 a leasú dá réir sin,

---

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [An straitéis nua tionsclaíochta don Eoraip a nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] COM(2021)350 final an 5 Bealtaine 2021.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú maidir le seasmhacht feidhmíochta i ndáil lena saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil i gcomhréir leis na córais a shonraítear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.5.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*